

Roinn 1



Riachtanais agus Mianta Leathanach an Mhúinteora

An Treoir

Cuir na daltaí ina seasamh ag taobh amháin den seomra/halla.

Mínigh dóibh go bhfuil tú chun 10 ráiteas a léamh amach os ard.

Tar éis gach ceann acu, ba cheart dóibh:

- Ollchéim a thógáil má bhaineann an ráiteas lena gcarachtar, go hiomlán.
- Céim bheag a thógáil má bhaineann an ráiteas lena gcarachtar, go pointe.
- Fanacht san áit ina bhfuil siad mura mbaineann an ráiteas lena gcarachtar.

Tabhair neart ama dóibh machnamh a dhéanamh ar gach ráiteas agus cinneadh a dhéanamh ar cheart dóibh bogadh nó fanacht.

1. Táim an-soiléir faoin méid atá uaim sa todhchaí agus táim cinnte go dtarlóidh sé.
2. Níl aon bhuairt airgid ag mo chlann.
3. Dá mbeadh iasacht uaim ón mbanc, gheobhainn ceann gan aon fhadhb.
4. Déanaim machnamh sula gcaithim airgead i gcónaí.
5. Déanaim machnamh faoin airgead a bheidh ag teastáil uaim sa todhchaí agus déanaim pleanáil ina leith.
6. Déanaim iarracht cothromaíocht a choimeád idir 'coigilt' agus 'caiteachas'.
7. Déanaim iarracht an margadh is fearr a fháil i gcónaí.
8. Dá mbeadh airgead ag teastáil uaim ar bhonn éigeandála, bheinn in ann teacht air láithreach.
9. Ceapaim go bhfuilim stuama faoin mbealach a gcaithim airgead.
10. Ní chaithim níos mó airgid ná mar a bhíonn agam riamh.

